# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/846 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

### an 18 Bealtaine 2022

### lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/1/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/233/CBES ón gComhairle an 22 Bealtaine 2013 maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2013/233/CBES, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála (CPS), i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUBAM na Libia a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 14 Eanáir 2021, ghlac CPS Cinneadh (CBES) 2021/59 ([2]) lena gceaptar Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia ón 1 Feabhra 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(3) An 18 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1009 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú EUBAM na Libia go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(4) An 22 Meitheamh 2021, ghlac CPS Cinneadh (CBES) 2021/1048 ([4]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia go dtí an 30 Meitheamh 2022.

(5) Mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023.

([1]) IO L 138, 24.5.2013, lch. 15.

([2]) Cinneadh ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CBES) 2021/59 an 14 Eanáir 2021 maidir le ceapadh Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/1/2021) (IO L 26, 26.1.2021, lch. 3).

([3]) Cinneadh (CBES) 2021/1009 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 lena leasaítear Cinneadh 2013/233/CBES maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (IO L 222, 22.6.2021, lch. 18).

([4]) Cinneadh (CBES) 2021/1048 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 22 Meitheamh 2021 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/2/2021) (IO L 228, 28.6.2021, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*